

AN CHOMHAIRLE UM OIDEACHAS GAELTACHTA & GAELSCOLAÍOCHTA

Cruinniú Boird

Déardaoin an 11 Aibreán 2019

11am Ionad Oideachais Marino

I láthair bhí:

Dónal Ó hAiniféin (Cathaoirleach), Cathnia Ó Muircheartaigh, Bláthnaid Ní Ghréacháin, Séamus Ó Fearraigh, Rita Nic Amhlaigh, Elaine Ní Neachtain, Pádraig Mac Grianna agus Edel Ní Chorráin.

Leithscéal ó:

Dairíona Nic Con Iomaire, Deirbhile Nic Craith, Liam Ó Diomsaigh, (níl aon duine ainmnithe ag ASTI go fóill).

Ag freastal:

Muireann Ní Mhóráin (Príomhfheidhmeannach) agus Aisling Nic Craith (Ardoifigeach Feidhmiúcháin & Rúnaí an Bhoird).

1. Fáiltiú

Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh gach duine agus fáilte faoi leith roimh na comhaltaí nua – Edel Ní Chorráin, Leas-Phríomhfheidhmeannach Fhoras na Gaeilge agus Pádraig Mac Grianna, Príomhoide Scoile Cholmcille, ionadaí Údarás na Gaeltachta.

2. Cur in aithne na foirne agus forléargas ar obair COGG

Tugadh cuireadh d'fhoireann COGG teacht chun bualadh leis an mBord nua: Pádraig Ó Beaglaoidh, Oifigeach Oideachais Iarbhunscoile, Máire Nic an Rí, Oifigeach Oideachais Bunscoile, Robbie Irwin, Oifigeach Oideachais Bunscoile, Pól Ó Cainín, Oifigeach Taighde & Foilseacháin agus Mícheál S Mac Donnacha, Oifigeach Oideachais Bunscoile don bPolasaí don Oideachas Gaeltachta.

Chuir gach comhalta iad féin in aithne don Bhord agus d'fhoireann COGG.

Chuir an Cathaoirleach an Príomhfheidhmeannach, Muireann Ní Mhórain, in aithne agus thréaslaigh sé léi as an sár-obair a rinne sí thar na blianta ó bhunú COGG in 2002.

Chuir an Príomhfheidhmeannach foireann COGG in aithne don Bhord agus rinne sí cur síos ar an obair fhiúntach atá ar siúl ag gach ball foirne.

3. Plé agus Ceisteanna

Tuairiscíodh go mbeadh Feidhmeannach Riaracháin nua ag tosú ar an 23 Aibreán agus gur naonúr a bheidh ar fhoireann COGG ansin.

4. Téarmaí Tagartha COGG

Scaipeadh Téarmaí Tagartha COGG ar na comhaltaí boird. Ní raibh aon cheisteanna ina leith. Iarradh ar an mBord an mbeidís sásta rochtain a fháil ar cháipéisí boird trí ardán ar líne (sharepoint) seachas cáipéisí a fháil ar ríomhphost. Dúradh go mbeadh. Cuirfear eolas rochtaine ar fáil don Bhord nuair atá an t-ardán cruthaithe. Scaipeadh foirm eolais teagmhála ar na comhaltaí le comhlánú roimh dheireadh an chruinnithe. Scaipeadh foirmeacha i dtaobh Ráiteas i dtaobh Leasanna chun críocha Alt 17 den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 le líonadh, más gá.

5. Miontuairiscí

Le moladh Chathnia Uí Muircheartaigh agus cuidiú Shéamuis Uí Fhearraigh, glacadh leis na miontuairiscí.

Ag eascairt as na miontuairiscí

Ní raibh aon ní ag eascairt as na miontuairiscí.

6. Buiséad 2019

Scaipeadh litir na Roinne Oideachais & Scileanna maidir le cistiú do 2019. Tuairiscíodh go bhfuil €3,030,000 ceadaithe do COGG do 2019. €250,000 imfhálaithe don Tionscadal Soláthair agus €120,000 don bPolasaí don Oideachas Gaeltachta. €2,650,000.00 bun-bhuiséad COGG. Soiléiríodh go raibh 1milliún de seo dírithe i dtreo pleanála áiseanna don Siollabas nua Ardteiste – (Bitheolaíocht, Fisic, Ceimic & Eolaíocht Talmhaíochta, Corpoideachas & Polaitíocht & an tSochaí). Tuairiscíodh gur tarraingíodh siar na sonraíochtaí do na hábhair Eolaíochta don Ardteist agus nach gcaithfear an t-airgead seo ar na hábhair sin. Tuairiscíodh go bhfuil baol ann nach gcaithfí an €250,000 don Tionscadal Soláthair.

Moladh gur cheart taighde a dhéanamh mar bhunchloch d'fhorbairt pholasaí don Ghaeilge sa chóras oideachais uile.

7. Tuairisc Airgeadais

Scaipeadh an tuairisc airgeadais ar na comhaltaí. Soiléiríodh go bhfuil €695,754.89 fós le dáileadh.

8. Plean Straitéiseach

Scaipeadh Plean Straitéiseach 2019-2022 ar na comhaltaí boird.

Tuairiscíodh go bhfuil athruithe ar 'Téacs & Trialacha 1' á ndéanamh ar bhonn forlíonadh agus á chrochadh ar shuíomh COGG de réir a chéile. Tá an Gúm freagrach as Leabhair 4,5,6 agus 7.

9. COGG mar fhostóir

Aontaíodh go bhfuil easpa stádais COGG mar fhostóir ar an riosca is mó don eagraíocht. Soiléiríodh go bhfuil gá athrú le hionstraim reachtúil a dhéanamh ar an Acht Oideachais chun go mbeadh COGG in ann daoine a fhostú go díreach mar a rinneadh i gcás an ERC. Maidir le daoine a fháil ar iasacht, tá éiginnteacht ann faoi cá luíonn an fhreagracht go dleathúil.

Aontaíodh litir eile a scríobh chuig Ardrúnaí na Roinne Oideachais & Scileanna ag ardú na ceiste go foirmiúil.

Thuairiscigh Séamus Ó Fearraigh go ndéanfadh sé teagmháil leis an Aire Oideachais agus Scileanna arís chun dáta cruinnithe a lorg leis (Aoine nó Luan) i nDún an nGall.

10. Sonraíocht T1 na hArdteiste

Scaipeadh an dá litir a seoladh chuig an Ardrúnaí ar na comhaltaí.

Bhí plé ann faoi na himpleachtaí leis an tsonraíocht nua don T1 – Ardaíodh na pointí seo:

- Tá an tsonraíocht do T1 luaite sa Pholasáí don Oideachas Gaeltachta.
- Más rogha a bheidh ann tabhairt faoin tsonraíocht nua ní dhéanfar é.
- Má tá éiginnteacht ann, imeoidh na daltaí go scoil eile.
- Mura bhfuil buntáiste ann ní thabharfar faoi.
- An mbeidh tuistí & daltaí sásta ualach breise a chur orthu féin gan buntáiste?
- An mbeifí sásta le pointí breise? Scéim scoláireachta? Cad eile?
- An múinfear cúrsa T1 & T2 sa rang céanna? Nó an mbeidh siad scartha óna chéile mar atá Mata AL & GL.
- Shoiléirigh an CNCM gurb iad na dualgais atá orthu siúd ná forbairt churaclaim, teagasc, foghlaim & measúnacht agus nach mbaineann ceist an bhuntáiste leis an bpróiseas.
- Tuairiscíodh go raibh 3 chruinniú ag Meitheal Gaeilge na hArdteiste.
- Cé atá ag plé na gceisteanna córasacha seo? An CAO? Na hollscoileanna?

11. An Comhairliúchán faoin Díolúine

Scaipeadh ar na comhaltaí an aighneacht a scríobh COGG maidir leis an díolúine.

Tuairiscíodh go bhfuil an taighde atá foilsithe ag an Chigireacht ar Athbhreithniú ar Bheartas agus Cleachtas Maidir le Díolúintí ó Staidéar na Gaeilge ar fheabhas agus moladh é a léamh.

Bhí plé ann faoin díolúine as a d'eascair na pointí thíos.

- Táthar ag moladh próiseas níos scaoilte chun díolúine a fháil.
- Go bhfuil an chosúlacht air go bhfuil an CNT ag tacú go mór leis na leasuithe molta.
- Tá líon mór páistí ag fáil díolúine ón nGaeilge agus ag déanamh staidéar ar theangacha eile.
- Tá Cumann Disléicse na hÉireann dearfach faoi go leanfadh páiste le foghlaim na Gaeilge nuair is féidir.
- Cur i gcéill fós ar siúl ag scoileanna – díognoisítear disléisce den chéad uair agus daltaí sa chúigiú bliain i líon ard iar-bhunscoileanna
- Gá le níos mó tacaíochtaí do na Scoileanna Gaeltachta & lán-Ghaeilge ó thaobh na fónaice de.

- Tá an córas ag teip ar na daltaí – nuair a bhristear ón gcóras tré dhíolúine a fháil tá sé deacair teacht isteach ar an nGaeilge arís.

12. Tionscadal FCÁT

Scaipeadh cáipéis le dréacht Théarmaí Tagartha na Roinne Oideachais & Scileanna ó thaobh FCÁT de (Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teanga) agus an Grúpa Stiúrtha atá bunaithe acu. Léiríonn an cháipéis amlíne an-teann.

13 Mar a Déarfá

Scaipeadh ar na comhaltaí an cheist dála a d'fhreagair Éamon Ó Cuív maidir le maoiniú a chur ar fáil do *Mar a Déarfá*.

Tuairiscíodh go bhfuil €25,000 tugtha do Bhreacadh (de chuid BOOGRC) go dtí seo. Tugadh moladh don obair atá déanta ar *Mar a Déarfá* go dtí seo agus aontaíodh go bhfuil tóir ar an dtáirge.

Tuairiscíodh gur leagan Connachta do na naíonáin atá ar fáil agus nach bhfuil leagan na Mumhan nó Uladh ar fáil go fóill.

Iarradh go rachfar ar ais chuig Breacadh maidir le *Mar a Déarfá* agus geallúint a fháil maidir le hamscála (ina áirítear leagan na Mumhan & Uladh), ábhair ranga agus tréimhse ama a thógfaidh an tionscadal.

14. Comhdháil Lae agus seoladh leabhair

Tuairiscíodh go bhfuil leabhar (bunaithe ar thaighde *Understanding Irish Spelling- a handbook for teachers and learners* a rinne Tina Hickey & Nancy Stenson) le seoladh i rith an Fhómhair ag comhdháil lae bunaithe ar an ábhar céanna. Moladh dul ar ais chuig na húdair le fáil amach an bhfuil siad sásta seo a dhéanamh agus féachaint ar dhátaí.

15. An Tionól Forbartha 2019

Bhí ar Bhláthnaid Ní Ghreacháin an cruinniú a fhágáil go luath. D'fhógair Cathnia Ó Muircheartaigh coimhlint leasa agus d'fhág sé an seomra.

Pléadh an maoiniú ó ChOGG don Tionól Forbartha. Ceadáíodh i bprionsabal go n-íocfadh COGG leath an chostais ach tuilleadh soiléirithe a fháil ó Ghaeloideachas maidir le costais na comhdhála. Iarradh go seolfaí nóta thart ar na comhaltaí maidir leis na costais seo.

D'fhill Cathnia Ó Muircheartaigh ar an gcruinniú tar éis an phlé.

16. Iarratais mhaoinithe nach mbaineann leis na Scéimeanna Maoinithe:

- **Coláiste na hOllscoile, Corcaigh**

Tacú le cúrsa a chur ar fáil a chuirfidh ath-oiliúint sa Ghaeilge ar 13 de mhúinteoirí Terence MacSwiney Community College i gceantar faoi mhíbhuntáiste i dtuaisceart chathair Chorcaigh. (Tá sé i gceist sruth lán-Ghaeilge a thabhairt isteach sa scoil – 2019/20)

Le moladh Chathnia Uí Mhuircheartaigh agus cuidiú Shéamuis Uí Fhearraigh glacadh go gceadófaí €5,000 don iarratas seo le coinníoll go mbeadh sé mar scéim phiolótach.

- **Coláiste na hOllscoile, Ma Nuad**

Turn to Teaching – scaipeadh an t-iarratas seo ar na comhaltaí roimhré. Le moladh Rita Mhic Amhlaidh agus cuidiú Shéamuis Uí Fhearraigh glacadh go n-íocfaí €10,000, le coinníoll go rachaidh an Cúrsa Samhraidh ar aghaidh.

- **Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall**

D'fhógair Séamus Ó Fearraigh coimhlint leasa agus d'fhág sé an seomra.

Léadh amach an t-iarratas ó BOODG. Ardán ar líne atá i gceist inar féidir aonaid oibre a roinnt i measc múinteoirí sna scoileanna Gaeltachta i nDún na nGall. De bharr go bhfuil an saothar uilig i mBéarla, tá gá le hiad a aistriú go Gaeilge. Is chuige sin atá an maoiniú á lorg.

Le moladh Dhónail Uí hAiniféin agus cuidiú Edel Ní Chorráin cinneadh go n-íocfaí suas go huasmhéid €10,000 ar chostais aistriúcháin + coinníollacha maidir le cóipcheart, ceadúnais, GDPR (páistí i bhfíseáin srl), tosaíochtaí ó thaobh ábhar de agus seilbh a bheith ag COGG ar an ábhar ionas gur féidir é a roinnt le gach Gaelcholáiste atá á lorg & go mbeadh BOODG freagrach as an gcóipcheart, ceadúnais etc.

D'fhill Séamus Ó Fearraigh ar an gcruinniú tar éis an phlé.

Moladh dul ar ais go hIonad Oideachais na Gaillimhe maidir leis an ábhar a chruthaigh siadsan le maoiniú ó COGG agus iarraidh orthu é a roinnt.

Moladh go bpléifear le scéimeanna maoinithe Seirbhísí Taca do mhúinteoirí sa dréacht-Phlean Straitéiseach.

17. Dátaí cruinnithe

Mura gcloistear ar ais ón Aire Oideachais agus Scileanna maidir le cruinniú i nDún na nGall, tionólfar an chéad dá chruinniú eile ar:

An Mháirt 21 Bealtaine

An Mháirt 18 Meitheamh

18. Aon Ghnó Eile

Ní raibh aon ghnó eile le plé.

Síniú: _____

Dáta: 21 Bealtaine 2019

Dónal Ó hAiniféin, Cathaoirleach

AN CHOMHAIRLE UM OIDEACHAS GAELTACHTA & GAELSCOLAÍOCHTA

Cruinniú Boird

Dé Máirt 21 Bealtaine 2019

11.00r.n. Ionad Oideachais Marino

I láthair bhí:

Dónal Ó hAiniféin (Cathaoirleach), Bláthnaid Ní Ghréacháin, Cathnia Ó Muircheartaigh, Dairíona Nic Con Iomaire, Deirbhile Nic Craith, Edel Ní Chorráin, Elaine Ní Neachtain, Pádraig Mac Grianna, Rita Nic Amhlaoibh agus Séamus Ó Fearraigh.

Leithscéal ó: Liam Ó Diomsaigh agus Lorraine Finn.

Ag freastal:

Muireann Ní Mhóráin (Príomhfheidhmeannach), Aisling Nic Craith (Ardoifigeach Feidhmiúcháin & Rúnaí an Bhoird) agus Steph Uí Choinne (Oifigeach Feidhmiúcháin).

1. Fáiltiú

Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh gach duine agus fáilte faoi leith roimh S. Uí Choinne a bhí ceaptha mar Oifigeach Feidhmiúcháin. Chuir sé in iúl go raibh Lorraine Finn, ainmniúchán ASTI, ceaptha mar chomhalta anois ach go raibh leithscéal faighte uathí don chruinniú inniu.

2. Coimhlint leasa

Chuir an Cathaoirleach in iúl gur scaipeadh cóipeanna den Ráiteas i dtaobh leasanna chun críocha Alt 1 den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus iarradh orthu siúd lena mbaineann an fhoirm a chomhlánú agus a sheoladh chuig Rúnaí an Bhoird.

Níor fógraíodh aon choimhlint leasa maidir leis an gclár gnó.

3. Miontuairiscí 11 Aibreán 2019

Ghlac an Bord leis na miontuairiscí ón 11 Aibreán 2019 agus shínigh an Cathaoirleach iad (molta ag S. Ó Fearraigh agus cuidithe ag C. Ó Muircheartaigh).

4. Ag eascairt as na miontuairiscí

Míníodh nach raibh dáta socraithe leis an Aire Oideachais agus Scileanna go fóill ach go raibh féidearthacht ann don chruinniú i Meán Fómhair.

Ardaíodh ceist faoi *Mar a Déarfá* agus moladh cúrsa samhraidh a bheith ann amach anseo seachas traenáil ag an deireadh seachtaine. Míníodh go raibh cruinniú beartaithe ag an Phríomhfheidhmeannach le Breacadh ar 28 Bealtaine agus go ndéanfaí an cheist a phlé ansin.

5. Tuairisc an Chathaoirligh

Thug an Cathaoirleach uasdátú ar an chruinniú a bhí aige féin agus ag an Phríomhfheidhmeannach le hoifigigh na Roinne Oideachais agus Scileanna ar 17 Bealtaine ag ar pléadh:

- Cúrsaí fostaíochta agus cuireadh in iúl go raibh post Mhait Uí Bhrádaigh le fógairt ach cead na Roinne le fáil ina leith agus go raibh cás gnó déanta le síneadh conartha a fháil do Robbie Irwin.
- An clár comhtháite agus an dóigh a raibh an tionscadal ina stad anois. Léiríodh imní faoin phróiseas tairisceana a bhí á mholadh ag an Roinn Oideachais agus Scileanna agus cuireadh in iúl go raibh cruinniú eile le gairm leis an lucht léirithe spéise.
- FCÁT agus míníodh go raibh coiste stiúrtha curtha ar bun agus gur tharla dhá chruinniú go dáta. Míníodh go raibh modúl píolótach le dearadh agus le cur i bhfeidhm i 2 réamhscoil, 5 bhunscoil agus 5 iar-bhunscoil mar thús agus triúr mhúinteoir i ngach ionad. Míníodh go mbeadh iniúchadh le déanamh ina leith.
- An Polasaí don Oideachas Gaeltachta agus míníodh go raibh measúnú á thosú ag an ERC, go raibh imlitreacha seolta chuig na scoileanna agus go raibh an mholscoil le dul ar aghaidh i Meán Fómhair. Míníodh go raibh Micheál S. Mac Donnacha ag obair leis na hiar-bhunscoileanna, de bharr Mait Ó Brádaigh a bheith ar scor, agus leis na bunscoileanna freisin.
- Struchtúr na heagraíochta agus an easpa cinnteachta maidir le stádas fostaíochta agus iarradh cáipéisí/ceisteanna a chur faoi bhráid na Roinne arís mar aon leis an chomhairle dlí a fuarthas i leith na ceiste.
- Scéim na gCúntóirí Teanga agus an t-iniúchadh a rinne DCU agus míníodh go raibh cruinniú le bheith ann ar 31 Bealtaine ina leith. Moladh go lorgófaí cruinniú leis an Aire Kyne, i gcomhar le Gaeloideachas, chun an cheist a phlé freisin.

6. Tuairisc airgeadais agus plean caiteachais 2019

Pléadh an tuairisc airgeadais agus soiléiríodh go raibh €727,786.40 fós le dáileadh.

7. Meastacháin caiteachais 2020

Pléadh na meastacháin caiteachais do 2020. Ardaíodh ceist faoi oiliúint foirne agus cuireadh in iúl go raibh €10,000 curtha ar leataobh d'oilíúint in 2019 ach go ndéanfaí an figiúr sin a ardú do 2020. Moladh lá nó dhó a chur ar leataobh don Bhord le haghaidh pleanála straitéisigh don eagraíocht. Ardaíodh ceist faoi scéim a bhunú do Ghaelscoileanna le turas chun na Gaeltachta a reáchtáil nó le freastal ar chúrsa samhraidh toisc nach raibh a leithéid ann ach aontaíodh go mbeadh iniúchadh le déanamh ina leith. Moladh líne buiséid a chur ar leataobh le haghaidh riachtanas speisialta oideachais. Ardaíodh ceist faoi thaighde a dhéanamh ar an aistriú teanga ón bhunleibhéal go dtí an iar-bhunleibhéal agus míníodh go raibh comhiarratas curtha le chéile ag Gaeloideachas agus Conradh na Gaeilge chun an bunsmaoineamh sin a fhiosrú.

8. An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca

Míníodh go raibh beirt bhall Boird le hainmniú ar an Choiste Iniúcháireachta. D'aontaigh D. Nic Craith go bhfanadh sí ar an Choiste agus aontaíodh go bhfanadh K.de Barra air ach é bheith sásta. D'aontaigh B. Ní Ghréacháin agus E. Ní Chorráin bheith mar bhaill den Choiste Iniúcháireachta, ag brath ar chúrsaí ama agus bheith ar fáil ar Skype. Cuireadh in iúl go raibh téarmaí tagartha an Choiste aontaithe ag an Bhord cheana féin.

9. Leas-chathaoirleacht COGG

Aontaíodh go gcuirfí an mhír seo siar go dtí an chéad chruinniú eile ach gur ghá ainmniúcháin a fháil coicís roimh an chruinniú. Aontaíodh gur leor ríomhphoist ina leith, ríomhphost amháin ón duine atá ainmnithe mar Leas-Chathaoirleach, ríomhphost ón duine a mhol é/í agus ríomhphost eile ón duine a chuidigh leis an mholadh.

10. Sonraíocht T1 Gaeilge na hArdteiste

Pléadh Sonraíocht T1 Gaeilge na hArdteiste agus léiríodh imní go raibh forbairt na sonraíochtaí ag dul chun cinn ach nach raibh aon chinnteacht ann faoi spreagthaí dóibh siúd a roghnaíonn an tsonraíocht T1. De bharr na héiginnteachta, moladh nach gcuirfí aon leasuithe i bhfeidhm go dtí go mbeidh soiléiriú ar fáil agus nach mbeidh ceist na bpointí breise as an áireamh chomh maith. Moladh nach ndéanfaí aon athbhreithniú go dtí go mbeidh taighde déanta ar thionchar agus torthaí fheidhmiú na sonraíochtaí T1 agus T2 sa tSraith Shóisearach agus iarradh an an Chathaoirleach litir a sheoladh chuig an Aire Oideachais agus Scileanna ina leith agus imní a chur in iúl.

11. Iarratais Taighde

Pléadh an trí iarratas ar na spáranachtaí taighde. Ghlac an Bord leis an mholadh €6,000 in aghaidh na bliana a chur ar fáil don taighde maidir le measúnú diagnóiseach dátheangach ar pháistí i luathbhlianta an oideachais lán-Ghaeilge chun dearcthaí luathlitearthachta a aimsiú (molta ag D. Nic Con Iomaire agus cuidithe ag B. Ní Ghréacháin).

Ghlac an Bord leis an mholadh €4,400 in aghaidh na bliana a chur ar fáil don taighde maidir le conas a fhorbraítear bonn eolais an mhúinteora maidir le straitéisí mhúineadh theanga na matamaitice trí Ghaeilge i ranganna na naíonán i mbunscoil T2 (molta ag E. Ní Chorráin agus cuidithe ag E. Ní Neachtain).

Ghlac an Bord leis an mholadh €4,400 in aghaidh na bliana don taighde maidir le comhtháthú ábhar agus teanga sa bhunscoil a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla: I dtreo eispéiris forbartha gairmiúla chun clár éifeachtach teanga a nochtadh (molta ag D. Nic Craith agus cuidithe ag E. Ní Neachtain).

D'aontaigh an Bord cuireadh a thabhairt do Choláiste Mhuire gan Smál agus do Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath teacht chuig an chéad chruinniú eile agus cur i láthair a dhéanamh ar na hábhair taighde atá á moladh acu.

Rinneadh tagairt don iarratas taighde ó Ghaeloideachas i gcomhar le Conradh na Gaeilge ach aontaíodh go gcuirfí siar go dtí an chéad chruinniú eile é agus go scaipfí an t-iarratas ar an Bhord idir an dá linn.

12. An Tionól Forbartha 2019

Cuireadh in iúl go mbeadh an Tionól Forbartha ar siúl ar 15 Samhain 2019 in Óstán Pháirc Bhaile an Róistigh, Corcaigh.

13. Dátaí cruinnithe

Cuireadh in iúl go mbeadh an chéad chruinniú Boird eile ar siúl Dé Máirt 18 Meitheamh in Institiúid Oideachais Marino agus féidearthacht do chruinniú Mheán Fómhair i dTír Chonaill ar 16 Meán Fómhair, ach an tAire a bheith ar fáil, agus lá pleanála straitéisigh ar 17 Meán Fómhair. Aontaíodh ar dhátaí na gcruinnithe eile go deireadh na bliana:

- Dé Máirt 12 Samhain agus
- Dé Máirt 10 Nollaig

Chuir A. Nic Craith in iúl go mbeadh duine ón chomhlacht Dot Net ag cur ríomhphost chuig na comhaltaí maidir le rochtain ar líne ar cháipéisíocht na gcruinnithe.

14. Aon Ghnó Eile

Léiríodh imní faoi na haonaid lán-Ghaeilge sa Ghaeltacht ó tharla nach raibh plean tacaíochta ag an Roinn. Míníodh go raibh 7 gcinn cláraithe leis an Scéim Aitheantais mar Scoil Ghaeltachta. Moladh go lorgódh Gaeloideachas agus COGG cruinniú leis an Aonad um Oideachas Gaeltachta maidir leis an treoir atá á tabhairt do na scoileanna.

Chuir an Príomhfheidhmeannch in iúl go raibh cruinniú aici leis an aonad cumarsáide sa Roinn ag ar cuireadh in iúl go mbeidh sé de pholasaí ag an Stát nach mbeidh cead ag eagraíochtaí/ranna Stáit a lógó féin a úsáid feasta agus go dtiocfadh an polasaí sin i bhfeidhm de réir a chéile.

Cuireadh in iúl go mbeadh leabhar (bunaithe ar thaighde *Understanding Irish Spelling - a handbook for teachers and learners* a rinne Tina Hickey & Nancy Stenson) le seoladh i mí na Samhna ag Comhdháil Bhliantúil Chumann Litearthachta na hÉireann.

Síniú: _____

Dáta: 18 Meitheamh 2019

Dónal Ó hAiniféin, Cathaoirleach

AN CHOMHAIRLE UM OIDEACHAS GAELTACHTA & GAELSCOLAÍOCHTA

Cruinniú Boird

Dé Máirt 18 Meitheamh 2019

10.30r.n. Ionad Oideachais Marino

I láthair bhí: Dónal Ó hAiniféin (Cathaoirleach), Bláthnaid Ní Ghréacháin, Cathnia Ó Muircheartaigh, Deirbhile Nic Craith, Edel Ní Chorráin, Pádraig Mac Grianna, Rita Nic Amhlaoibh agus Lorraine Finn.

Leithscéal: Liam Ó Diomsaigh, Elaine Ní Neachtain, Dairíona Nic Con Iomaire agus Séamus Ó Fearraigh.

Ag freastal: Muireann Ní Mhóráin (Príomhfheidhmeannach), Aisling Nic Craith (Ardoifigeach Feidhmiúcháin & Rúnaí an Bhoird) agus Steph Uí Choinne (Oifigeach Feidhmiúcháin).

1. Fáiltiú

Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh gach duine agus fáilte faoi leith roimh Lorraine Finn, ainmniúchán ASTI, chuig a céad chruinniú boird.

2. Coimhlint leasa

Níor fhógair aon duine aon choimhlint leasa maidir le clár an chruinnithe.

3. Miontuairiscí 21 Bealtaine 2019

Ghlac an Bord leis na miontuairiscí ón 21 Bealtaine 2019 agus shínigh an Cathaoirleach iad (molta ag C. Ó Muircheartaigh agus cuidithe ag E. Ní Chorráin).

4. Ag eascairt as na miontuairiscí

Ní raibh aon ní ag eascairt as na miontuairiscí.

5. Leas-Chathaoirleacht COGG

Chuir an Cathaoirleach in iúl go raibh Leas-Chathaoirleach le ceapadh agus go raibh Cathnia Ó Muircheartaigh ainmnithe ag beirt chomhalta Boird. Ghlac an Bord le hainmniúchán Chathnia Uí Mhuircheartaigh mar Leas-Chathaoirleach d'aon ghuth agus gabhadh buíochas leis as tabhairt faoin ról úr.

6. Tuairisc an Chathaoirligh

Chuir an Cathaoirleach in iúl go bhfuair sé comhfhreagras ón Roinn Oideachais agus Scileanna le déanaí agus léigh sé amach an litir mar eolas don Bhord. Aontaíodh go scríobhfadh an Cathaoirleach ar ais chuig Ardrúnaí na Roinne i dtaca le struchtúr na Comhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta agus soiléiriú a lorg maidir leis na poist bhuaana.

Chuir an Cathaoirleach in iúl go mbeadh sé féin agus an Príomhfheidhmeannach ag freastal ar an Chomhchoiste Oireachtais an tráthnóna sin ach gurb é An Príomhchigire a bheadh ag caint ar son na Roinne Oideachais agus Scileanna aige. Chuir an Cathaoirleach in iúl nach raibh freagra faighte aige

ón Roinn Oideachais go fóill i dtaca le cás gnó R. Irwin agus go raibh fiosrú le déanamh maidir le conas achomharc a dhéanamh.

Míníodh go raibh 8 n-iarratas faighte don phost mar Oifigeach Oideachais Iar-bhunscoile agus go mbeadh an ghearrliostáil le déanamh anois agus na hagallaimh le réachtáil ag tús mhí Iúil.

Chuir an Cathaoirleach in iúl go raibh Kevin de Barra sásta fanacht mar Chathaoirleach ar an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca agus ghlac an Bord leis sin d'aon ghuth.

7. Children's School Lives – cur i láthair agus plé maidir le hiarratas maoinithe ó COBÁC

Tháinig an tOllamh Dympna Devine agus an tOllamh Ciarán Sugrue i láthair an chruinnithe agus rinne siad cur i láthair ar Children's School Lives agus bhí plé ina dhiaidh. Ghabh an Cathaoirleach buíochas leo as an chur i láthair agus d'fhág siad an cruinniú.

Phléigh an Bord an t-iarratas maoinithe. D'aontaigh an Bord gurbh fhiú cás-staidéar breise chun rang 2 go rang 6 i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge a chur leis mar choinníoll ar an deontas. Léirigh an Bord inní faoin duine a dhéanfadh an PhD agus gur cheart go mbeadh ionchur ag COGG i roghnú an duine sin le cinntiú go mbeadh saintuiscint ar an earnáil aige/aici. Aontaíodh go n-iarrfaí orthu cóip den chur i láthair agus de leabhar saothair na ndaltaí a chur ar fáil mar eolas don Bhord.

8. Cur i láthair agus plé maidir le hiarratas maoinithe ó Ollscoil Luimnigh do threoirleabhar FCÁT

Tháinig an Dr. T. J. Ó Ceallaigh agus Pádraig Ó Fathaigh i láthair an chruinnithe agus rinne siad cur i láthair ar a n-iarratas maoinithe do threoirleabhar FCÁT agus bhí plé ina dhiaidh. Ghabh an Cathaoirleach buíochas leo as an chur i láthair agus d'fhág siad an cruinniú.

Phléigh an Bord an t-iarratas maoinithe. Aontaíodh go raibh an costas don phriontáil (€24,000) agus an costas don phostas (€24,000) ró-ard agus go raibh an dá fhiúir sin le baint. Aontaíodh go raibh cóip PDF den treoirleabhar le cur ar fáil do scoileanna ar dtús ach go mbeadh an PDF le huasdátú de réir mar is gá. Tá plé le déanamh arís ar cheist an chló. Ghlac an Bord leis an mholadh deontas €28,500 a chur ar fáil don tionscadal (molta ag D. Nic Craith agus cuidithe ag R. Nic Amhlaóibh).

9. Cuntais Iniúchta 2018

Thug A. Nic Craith uasdátú ar chuntais iniúchta 2018 agus chuir sí in iúl go mbeadh leagan deiridh le cur ar fáil ag an Iniúcháir Inmhéanach. Mhínigh sí nach raibh aon leasuithe le déanamh ar na figiúirí ach go raibh mionathruithe le déanamh ar an anailís. Thug an Bord cead don Chathaoirleach agus don Leas-Chathaoirleach, nó ball Boird eile sa chás nach mbeadh an Leas-Chathaoirleach ar fáil, an leagan deiridh de chuntais 2018 a shíniú nuair a bheadh na leasuithe curtha i bhfeidhm ar an fhoclaíocht san anailís. Ghabh an Bord buíochas le A. Nic Craith as an obair ar fad a rinne sí in ullmhú na gcuntas.

10. Uasdátú ón Phríomhfheidhmeannach

Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl go raibh sár-obair ar siúl ag M. S. Mac Donnacha ar an Pholasáí don Oideachas Gaeltachta. Mhínigh sí go raibh athbhreithniú déanta ag Roinn na Gaeltachta ar Scéim na gCúntóirí ach nach raibh torthaí an athbhreithnithe fógartha go fóill.

Chuir sí in iúl go raibh an obair ar na téacsleabhair ag dul ar aghaidh ach gurb é an mata an fhadhb is mó toisc gur athraíodh an tsonraíocht. Mhínigh sí go raibh cúpla caibidil leis na difríochtaí le cur suas ar líne idir an dá linn ach nach raibh na scoileanna sásta leis sin. Mhínigh sí gur leis An Gúm Téacs agus Trialacha.

Chuir sí in iúl go mbeadh scéal le cur amach arís i dtaca leis an dianchúrsa toisc go raibh na figiúirí an-íseal.

Mhínigh sí go raibh M. Nic an Rí agus M. Nic Craith ag ullmhú cáipéisí le cur amach ar tairiscint don tionscadal soláthair agus gur tharla dhá chruinniú maidir leis an tionscadal FCÁT.

11. Iarratais mhaoinithe 2019

Pléadh na hiarratais ar mhaoiniú faoin scéim mhaoinithe áiseanna teagasic agus foghlama. Pléadh na hiarratais iar-bhunscoile ar dtús agus ghlac an Bord leis na moltaí ar fad:
(Molta ag E. Ní Chorráin agus cuidithe ag B. Ní Ghréacháin)

Ainm an tionscadail	Méid iarrtha	Méid molta
Pacáiste Oideachais Ríomheolaíocht trí Ghaeilge <i>The Academy of Code Ltd.</i>	€16,000	€10,000
Ríomheolaíocht trí Ghaeilge <i>The Academy of Code Ltd.</i>	€12,500	€7,500
Acmhainní Teagaisc Ghaeilge ar líne <i>Coláiste na hOllscoile Corcaigh</i>	€9,520	€9,520
Eagrán póca de Jimín Mháire Thaidhg <i>An tSnáthaid Mhór</i>	€16,950	€11,500
Póstaeir folláine <i>Ashmore Learning Solutions</i>	€1,500	€1,500
Comhar ÓG <i>COMHAR</i>	€10,200	€10,200
Splanc <i>Gael Linn</i>	€12,000	€12,000
Úrscéal Comhaimseartha do Léitheoirí na Sraithe Sinsearaí <i>MÓINÍN</i>	€14,000	€10,000
CEOL 2019 <i>Raidió Rí-Rá</i>	€11,964	€4,500
Forbairt Leanúnach www.saoloibre.ie <i>Durrow Communications Ltd</i>	€47,000	€20,000
Rannóg na bhFoghlaimeoirí ar Tuairisc.ie <i>Tuairisc Bheo Teoranta</i>	€39,600	€25,000
Vifax don Ghaeilge <i>Ollscoil Mhá Nuad</i>	€7,200	€7,200

Ardaíodh ceist faoi iarratas amháin a diúltaíodh dó (Vsware trí Ghaeilge) agus iarradh filleadh ar an cheist ag an chéad chruinniú eile.

Pléadh na hiarratais bhunscoile faoin scéim mhaoinithe áiseanna teagasic agus foghlama agus ghlac an Bord leis na moltaí ar fad:

(Molta ag E. Ní Chorráin agus cuidithe ag B. Ní Ghréacháin)

Ainm an tionscadail	Méid iarrtha	Méid molta
Pacáiste Oideachais Ríomheolaíocht trí Ghaeilge <i>The Academy of Code Ltd.</i>	€8,046.66	€7,000
Ríomheolaíocht trí Ghaeilge <i>The Academy of Code Ltd.</i>	€12,500	€7,500
Interactive Maths eBooks (As Gaeilge) <i>Achieve on line learning Ltd. (AOLL)</i>	€23,400	€9,000
FCÁT (CLIL) <i>Coláiste Mhuire gan Smál</i>	€76,500	€28,500
Mar a Déarfá <i>Breacadh</i>	€49,682	€49,682
Eipic (Irisleabhar Gaeilge) <i>The Primary Planet Ltd.</i>	€20,000	€20,000
Léigh agus plé (sraith leabhar staire & tíreolaíochta) <i>Eoghan Mac Cormaic</i>	€11,000	€5,900
Amhrán is Fiche do na Naíonáin <i>Fios Feasa</i>	€31,687	€12,733
An Fiaclóir Fíochmhar <i>Futa Fata</i>	€9,472	€6,714
An tOchtapas – Rogha dánta do pháistí <i>Futa Fata</i>	€7,318	€6,000
Athchlónna ar 7 leabhar <i>Futa Fata</i>	€8,864	€7,000
Dialann Dlúthchara <i>Futa Fata</i>	€7,590	€4,820
Zog <i>Futa Fata</i>	€1,054	€1,054
Giglets as Gaeilge <i>Giglets Education</i>	€10,000 €48,000	- €10,000
Gníomhspraoi (leabhar gníomhaíochtaí) <i>Glór na nGael</i>	€7,500	€4,500
M'Asal Beag Dubh <i>Leabhar Breac</i>	€8,000	€5,500
Muintir na Coille (sraith trí phictiúrleabhar) <i>Leabhar Breac</i>	€14,000	€9,000
Nead an Draigin (trí leabhar i mbosca cartchláir) <i>Leabhar Breac</i>	€15,000	€7,000
An Oíche Roimh Nollaig (pictiúrleabhar) <i>Leabhar Breac</i>	€7,500	€3,500
Scéalta an Iarthair (sraith trí leabhar) <i>Leabhar Breac</i>	€12,000	€8,000

Cáitín Chaoch (3 choimic) <i>Leabhar Breac</i>	€14,000	€9,000
First Lego League Junior Micro <i>Learn It Educational Solutions Limited</i>	€16,425	€8,000
Léigh Leat – Focail coitianta ó Flash go HTML5 <i>Léigh Leat</i>	€3,100	€3,100
Léigh Leat – costas cothabhála an tsuímh <i>Léigh Leat</i>	€1,080	€1,080
Dánta Gabriel ó Flash go HTML5 <i>Léigh Leat</i>	€550	€550
20 Fabhalscéal ó Flash go HTML5 <i>Léigh Leat</i>	€850	€850
Na ‘Ceachtanna’ ar fad ó Flash go HTML5 – <i>Léigh Leat</i>	€3,850	€3,850
Leabhar na mallachtaí srl ó Flash go HTML5 <i>Léigh Leat</i>	€3,750	€3,750
Mo Mhamó - Leabhar léitheoireachta <i>Ristear Mac Daibhéid</i>	€5,340	€3,800
Orla Uan agus sa Chathair <i>Orlaith Ruiséal</i>	€3,958	€3,958
Aistear tríd an Aibítear <i>Rossa Ó Snodaigh</i>	€24,640	€8,000

12. Taighde Ghaeloideachais/Chonradh na Gaeilge

Aontaíodh go gcuirfí an mhír seo siar go dtí an chéad chruinniú Boird eile.

13. Mar a Déarfá/Breacadh

Scaipeadh cáipéis i dtaca le *Mar a Déarfá* agus scéim phiolótach 12 mí le Céim 2 a chur i gcrích agus bhí plé ina leith. Míníodh go raibh €135,000 measta don scéim phiolótach agus ghlac an Bord leis an mholadh go gcuirfeadh COGG €90,000 ar fáil agus go gcuirfeadh Breacadh €45,000 ar fáil freisin (óna bhuiséad ‘Foghlaim Teaghlaigh’). Aontaíodh go gcuirfí Céim 2 ar fáil sna canúintí eile freisin.

14. Dátaí cruinnithe

Cuireadh in iúl nach raibh dáta ná ionad socraithe go fóill don chéad chruinniú Boird eile i mí Mheán Fómhair ach go raibh féidearthacht ann go fóill go mbeadh an cruinniú i dTír Chonaill ach an tAire a bheith ar fáil. Míníodh go mbeadh oiliúint le tabhairt don Bhord ag cruinniú Mheán Fómhair freisin. Cuireadh dátaí na gcruinnithe go deireadh na bliana in iúl don Bhord arís:

- Dé Máirt 12 Samhain agus
- Dé Máirt 10 Nollaig

15. Aon Ghnó Eile

Ní raibh aon ní le plé faoin mhír seo.

Síniú: _____ Dáta: 17 Meán Fómhair 2019

Dónal Ó hAiniféin, Cathaoirleach

AN CHOMHAIRLE UM OIDEACHAS GAELTACHTA & GAELSCOLAÍOCHTA

Cruinniú Boird

Dé Máirt 17 Meán Fómhair 2019

10.30r.n. Ionad Oideachais Marino

I láthair bhí: Dónal Ó hAiniféin (Cathaoirleach), Bláthnaid Ní Ghréacháin, Cathnia Ó Muircheartaigh, Deirbhile Nic Craith, Edel Ní Chorráin, Rita Nic Amhlaoibh, Lorraine Finn, Liam Ó Diomsaigh, Dairíona Nic Con Iomaire agus Séamus Ó Fearraigh.

Leithscéal: Elaine Ní Neachtain agus Pádraig Mac Grianna.

Ag freastal: Muireann Ní Mhóráin (Príomhfheidhmeannach) agus Aisling Nic Craith (Ardoifigeach Feidhmiúcháin & Rúnaí an Bhoird).

1. Fáiltiú

Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh gach duine agus rinne sé comhghairdeas le foireann peile Bhaile Átha Cliath.

2. Coimhlint leasa

Níor fhógair aon duine aon choimhlint leasa maidir le clár an chruinnithe.

3. Miontuairiscí

Ghlac an Bord leis na miontuairiscí ón 17 Meitheamh 2019 agus shínigh an Cathaoirleach iad (molta ag D. Nic Craith agus cuidithe ag C. Ó Muircheartaigh).

4. Ag eascairt as na miontuairiscí

Children School Lives

Cuireadh in iúl go ndearnadh tuilleadh fiosruithe faoin taighde seo agus gur eascair sé go raibh a lán botún aistriúcháin ar na cáipéisí a úsáideadh sna scoileanna lán-Ghaeilge. Tuairiscíodh gur cuireadh seo in iúl don taighdeoir i scríbhinn ach nach raibh freagra tagtha fós.

Tuairiscíodh gur thosaigh an t-Oifigeach Oideachais Iar-bhunscoile Gaeltachta nua, Peadar Ó Loideáin, agus nár ceadaíodh post an Oifigigh Oideachais Bhunscoile go fóill.

Tuairiscíodh gur éirigh go maith leis an Dianchúrsa i mí Lúnasa agus go bhfuil sé beartaithe é a réachtáil ón 17-21 Lúnasa in 2020.

Tréaslaíodh le Pádraig Ó Beaglaoich maidir leis an obair ar fad a rinne sé ar na téacsleabhair nua a chur ar fáil. Tuairiscíodh go mbeadh Téacs & Trialacha 1 aistrithe go luath agus go bhfuil 12 caibidil ar fáil ar an suíomh faoi láthair. Tuairiscíodh go bhfuil *Dúchas* – Gaeilge na Sraithe Sóisearaí T1 ar fáil anois agus go bhfuil leagan PDF ar fáil ar an suíomh saor in aisce.

5. Tuairisc Airgeadais

Scaipeadh an tuairisc airgeadais ar na comhaltaí.

6. Coiste Iniúcháireachta & Riosca

Tuairiscíodh go raibh cruinniú den Choiste Iniúcháireachta & Riosca ann ar an 28 Lúnasa.

7. Iarratais

Tuairiscíodh gur tháinig litir ó Kerron Ó Luain ag lorg tacaíochta d'iarratas a bhí á chur faoi bhráid na Comhairle Taighde. Leabhar faoi stair ghluaiseacht na Gaelscolaíochta 1973-1993 atá i gceist aige a scríobh. Moladh gur cheart a iarraidh air an tréimhse ama a leathnú.

Cuireadh iarratas ó Chló Iar-Chonnacht (€18,000) do shraith leabhar Anraí Dána (Horrid Henry) faoi bhráid an Bhoird. Míníodh go ndeachaigh sé ar strae agus nár cuireadh faoi bhráid an phainéil mheasúnaithe é. Le moladh D Nic Craith agus cuidiú Shéamuis Uí Fhearraigh glacadh leis an iarratas.

8. Dátaí cruinnithe

Aontaíodh dátaí na gcruinnithe thíos:

- Dé Máirt 12 Samhain - Ionad Oideachais Marino
- Dé Máirt 10 Nollaig - Ionad Oideachais Marino
- Dé Céadaoin 22 Eanáir - Ionad Oideachais Marino
- Dé Céadaoin 26 Feabhra – Ionad Oideachais Marino

9. Aon Ghnó Eile

Ní raibh aon ní le plé faoin mhír seo.

10. Freagrachtaí an Bhoird i leith an rialachais chorparáidigh

Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh Owen Swaine, Aturnae ó Dhlíodóirí Swaine, Gaillimh. Chuir Owen Swaine é féin agus Dáithí Mac Cárthaigh, abhcóid, in aithne don Bhord.

Rinne Owen Swaine cur i láthair don Bhord ar na freagrachtaí i leith an rialachais chorparáidigh agus bhí plé gairid ina dhiaidh.

Briseadh don lón ag 1pm.

11. Seisiún plé agus pleanála

Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh Bhreandán Mac Cormaic, Cathaoirleach COGG 2002-2010 agus Seosamh Mac Donnacha, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, a bhí ina áisitheoir ar an seisiún.

Iarradh ar an rúnaí nótaí a bhreacadh den aischothú ó na grúpaí.

Nótaí:

Grúpa 1 – 5 bhliain chun tosaigh

- Áiseanna a bheith á gcur ar fáil go leanúnach i ngach ábhar agus béim ar riachtanais speisialta oideachais.
- Cinn teagaisc – béim ar chumarsáid le chéile.
- Forbairtí nua teicneolaíochta.
- Stádas na Gaeilge – go mbeadh múineadh na Gaeilge ceangailte le creat na hEorpa agus go dtuigfí an luach agus an buntáiste atá le foghlaim na Gaeilge. Dea-thoil a stiúradh don Ghaeilge sna meáin. COGG le hinsint a chur ar fáil ar an luach agus tábhacht leis an nGaeilge.
- Go ndíreodh an Polasaí don Oideachas Gaeltachta ar na luathbhlianta sa Ghaeltacht.
- Go mbeadh polasaí ann ó na luathbhlianta go dtí an 3ú leibhéal.
- Díriú ar fhorbairt ghairmiúil – príomhoidí á dtabhairt le chéile go rialta lena saineolas a roinnt.
- Pointí breise a bheith ar fáil don Sonraíocht Gaeilge T1 san Ardteist.
- Comhairliúchán poiblí agus cruinnithe faoi na hathruithe sa Ghaeilge san Ardteist.

Grúpa 2 – 10 mbliana chun tosaigh

- Díriú ar mhúineadh na Gaeilge sna scoileanna Béarla.
- Inseirbhís breise le bheith ar fáil sa Ghaeilge chomh maith le breis tacaíochtaí.
- Clár Comhtháite Teanga.
- Ceangal a chothú idir Bunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna ionas gur féidir leo aithne a chur ar churaclam a chéile.
- Scrúduithe caighdeánaithe sa Ghaeilge i scoileanna Béarla.
- Dul i ngleic leis an trasnú atá ar siúl ó Bhunscoileanna Lán-Ghaeilge go dtí Iar-bhunscoileanna Béarla – cad iad na cúiseanna leis seo.
- Deiseanna a chruthú le go mbeadh sonraíocht Gaeilge T1 á déanamh ag Scoileanna T2.
- Foghlaim Chumaisc (Blended Learning) a chleachtadh – dea-chleachtais a roinnt agus foghlaim óna chéile.
- An Polasaí don Oideachas Gaeltachta a leathnú amach. COGG le cinnireacht a ghlacadh ar an bPolasaí don Oideachas Gaeltachta ach síleadh freisin go raibh stádas níos láidre ag An Roinn Oideachais agus go bhfaigheadh siad éisteacht níos fearr ó na scoileanna Gaeltachta.
- Bord Oideachais Lán-Ghaeilge a bheith ann
- Struchtúr COGG a láidriú agus stádas COGG a ardú. Go mbeadh struchtúr eagraíochta ceart ann, go mbeifí in ann foireann a earcú & go mbeadh córas maoinithe sláintiúil leanúnach ann.
- Oiliúint múinteoirí a láidriú.
- Tacaíochtaí láidre a chur ar fáil do scoileanna Béarla.
- Forbairt Ghairmiúil fadsaoil a fhorbairt. ‘Duine gairmiúil’ a chur chun cinn. Sé sin go mbeadh an duine féin freagrach as an fhorbairt agus go mbeidís ag foghlaim i gcónaí – trí fhreastal ar chúrsaí agus a bheith cothrom le dáta ar thaighde, áiseanna nua, theicneolaíochtaí srl bainteach lena ghairm.

- Oiliúint a chur ar fáil i straitéisí teagaisc oiriúnacha don tumoideachas. Dul i ngleic leis an mheoin a chruthaítear sa choláiste agus na laigí san infreastruchtúr.
- Léiríodh buairt faoi fhoireann COGG sa todhchaí – ie cé aige a bheadh an smacht Príomhfheidhmeannach a roghnú – an mbeadh port na Roinne nó port COGG seinnte? Aithníodh mar riosca mór é. Aontaíodh go bhfuil gá le cur síos níos daingne sa reachtaíocht le níos mó neamhspleáchais a thabhairt do COGG mar atá ag an CNCM nó go mbeadh a mhacasamhail de shuíomh na gcigirí ag COGG.

Dúradh go mbeadh seisiún eile ple ann i mí Feabhra chun feoil a chur ar na cnámha.

Síniú: _____ Dáta: 12 Samhain 2019

Dónal Ó hAiniféin, Cathaoirleach

AN CHOMHAIRLE UM OIDEACHAS GAELTACHTA & GAELSCOLAÍOCHTA

Cruinniú Boird

Dé Máirt 12 Samhain 2019

11.00r.n. Ionad Oideachais Marino

I láthair bhí: Dónal Ó hAiniféin (Cathaoirleach), Bláthnaid Ní Ghréacháin, Cathnia Ó Muircheartaigh, Dairíona Nic Con Iomaire, Deirbhile Nic Craith, Edel Ní Chorráin, Lorraine Finn, Liam Ó Diomsaigh, Rita Nic Amhlaoibh agus Séamus Ó Fearraigh.

Leithscéal: Elaine Ní Neachtain agus Pádraig Mac Grianna.

Ag freastal: Muireann Ní Mhóráin (Príomhfheidhmeannach), Aisling Nic Craith (Ardoifigeach Feidhmiúcháin & Rúnaí an Bhoird) agus Steph Uí Choinne (Oifigeach Feidhmiúcháin).

1. Fáiltiú

Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh gach duine chuig an chruinniú.

2. Coimhlint leasa

Níor fhógair aon duine aon choimhlint leasa maidir le clár an chruinnithe.

3. Miontuairiscí

Ghlac an Bord leis na miontuairiscí ón 17 Meán Fómhair 2019 agus shínigh an Cathaoirleach iad (molta ag S. Ó Fearraigh agus cuidithe ag C. Ó Muircheartaigh).

4. Ag eascairt as na miontuairiscí

Rinneadh tagairt don litir ó Kerron Ó Luain ag lorg tacaíochta d'iarratas a bhí á chur faoi bhráid na Comhairle Taighde le haghaidh Leabhar faoi stair ghluaiseacht na Gaelscolaíochta 1973-1993 a scríobh. Míníodh go ndearnadh teagmháil leis ó shin agus go bhfuil sé i gceist aige iarratas a chur isteach faoi scéimeanna maoinithe COGG le linn 2020.

Ardaíodh ceist faoi Children's School Lives agus na fadhbanna a bhí leis an taighde agus aontaíodh gur cheart litir a sheoladh chuig an CNCM, toisc go bhfuil baint acu leis, agus imní an Bhoird a chur in iúl.

5. Tuairisc an Chathaoirligh

Chuir an Cathaoirleach in iúl go raibh athbhreithniú á dhéanamh ag an Chomhairle Mhúinteoireachta ar na tréimhsí a chaitheann múinteoirí sa Ghaeltacht. Tuairiscíodh go raibh moladh ann na tréimhsí a

laghdú ó mhí go coicís agus aontaíodh gur cheart scríobh chuig Stiúrthóir na Comhairle Múinteoireachta agus cruinniú a lorg ina leith. Aontaíodh go gcaithfí na tréimhsí a neartú agus a chinntiú go bhfuil na caighdeáin ard.

Pléadh cás na n-aonad iar-bhunscoile agus míníodh go raibh Coláiste Lú fós ag streachailt ach go raibh moladh ann scoil satailíte a dhéanamh de le Gaelcholáiste na Mara, Baile Bhrigín. Cuireadh in iúl go bpléifí cás na n-aonad iar-bhunscoile ag an Tionól Forbartha.

Pléadh cúrsaí fostaíochta agus tuairiscíodh go raibh na hiarratais faighte do phost an Oifigigh Oideachais Bhunscoile, go raibh an ghearrliostáil le déanamh agus na hagallaimh le reáchtáil go luath.

6. Uasdátú ón Phríomhfheidhmeannach

Tuairiscíodh go raibh sraith cruinnithe ar siúl ag na hOifigigh don Pholasaí don Oideachas Gaeltachta agus iad ag díriú isteach ar an FCÁT. Léiríodh imní faoi scoileanna nach bhfuil mórán Gaeilge ag an fhoireann agus iarradh go gcuirfí ceist ar an Aire faoin liúntas do na scoileanna faoin scéim. Míníodh go raibh caint ann faoi chomhairliúchán poiblí maidir le Sonraíochtaí Gaeilge na Sraithe Sóisearaí.

Cuireadh in iúl go raibh *Dúchas: Treoirleabhar an Oide* agus *Leabhar an Dalta* ar fáil anois, go raibh an leabhar ceoil réidh agus go raibh tús á chur leis an leabhar Fraincise. Cuireadh in iúl gur seoladh leabhar Tuiscint ar Litriú na Gaeilge - Lámhleabhar do Mhúinteoirí agus d'Fhoghlaimoirí leis an Dr. Nancy Stenson agus an Dr. Tina Hickey, bunaithe ar thaighde a mhaoinigh COGG, agus go raibh an leabhar ar fáil go leictreonach ar shuíomh COGG.

Míníodh go raibh an Tionscadal Soláthair ina stad agus gurb í an bhearna is mó ná an clár léitheoireachta.

Tuairiscíodh go mbeadh scéimeanna maoinithe COGG 2020 (taighde agus áiseanna teagaisc) le fógairt ag tús mhí Feabhra. Iarradh ar an Bhord machnamh a dhéanamh ar na réimsí taighde agus réimse na n-áiseanna teagaisc atá ag teastáil agus iarradh moltaí a chur ar fáil ina leith. Moladh taighde a dhéanamh ar na píosaí taighde a rinneadh go dáta agus na moltaí ar fad a bhí iontu agus achoimre feidhmeach a chur ar fáil dá réir. Rinneadh tagairt don NAPD agus an fóram ó thuaidh do na príomhoidí ar fad agus moladh gurbh fhiú a leithéid a eagrú ó dheas le go mbeadh deis ag príomhoidí labhairt lena chéile. Aontaíodh go mbeadh moladh samplach ann don chéad chruinniú eile.

Cuireadh in iúl go mbeadh *Clever Mind Toys* ag éirí as an ghnó go luath agus go raibh féidearthacht ann na hábhair Ghaeilge a fháil uathu. Tuairiscíodh go mbeadh oiliúint le cur ar fáil ag Gabriel Nig Uidhir an bhliain seo chugainn maidir leis an Áis Mheasúnaithe sa Luathlitearthacht agus go mbeifí in ann ceardlanna a chur ar fáil ar fud na tíre.

7. Iarratais mhaoinithe

Míníodh go raibh Banda 2 ón Chlár Luathléitheoireachta de chuid an Áisaonaid as cló ach nach raibh an t-airgead acu don athchló. Tuairiscíodh go raibh Foras na Gaeilge chun €60,000 a chur ar fáil don Áisaonad le haghaidh athchlónna, ach ní don Chlár Luathléitheoireachta amháin, agus go raibh sé i gceist ag COGG €60,000 a chur ar fáil freisin.

D'fhág E. Ní Chorráin an seomra mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.

Aontaíodh go bhfágfaí an cinneadh faoin Chathaoirleach agus faoin Phríomhfheidhmeannach an €60,000 ar fáil don Áisaonad i gcomhar le Foras na Gaeilge ach go ndéanfaí ceist na dtuarastal a fhiosrú le Foras na Gaeilge agus an cheist faoi bhrabús a chíoradh fosta.

D’fhill E. Ní Chorráin ag an pointe seo.

Pléadh an t-iarratas ar mhaoiniú ó Institiúid Oideachais Marino le haghaidh ‘Scoláireachtaí chun Socrúchán Scoile a dhéanamh sa Ghaeltacht’. Aontaíodh go gcuirfí €16,860 ar fáil dóibh agus aontaíodh go gcuirfí €3,000 ar fáil dóibh freisin chun costas lóistín agus bus a chlúdach le freastal ar an Tionól Forbartha (molta ag D. Nic Craith agus cuidithe ag S. Ó Fearraigh).

Pléadh an t-iarratas ó Choláiste na hOllscoile, Maigh Nuad i dtaca leis an chlár ‘Rising Teachers’. Ní raibh aon fhigiúr luaite ar an iarratas ach míníodh gur tugadh €10,000 dóibh anuraidh. Aontaíodh go bhfágfaí an cinneadh faoin Chathaoirleach agus faoin Phríomhfheidhmeannach €5,000 nó €10,000 a chur ar fáil dóibh.

Pléadh an litir ó Ollscoil na Banríona ag fiosrú faoi mhaoiniú don tionscadal ‘If I were Jack’ agus aontaíodh go ndéanadh an Príomhfheidhmeannach agus L. Ó Diomsaigh fiosruithe faoi idir an dá linn. Míníodh go mbeadh sé le cur in oiriúint don churaclam ó dheas freisin.

8. An Tionól Forbartha

Tuairiscíodh go raibh na socruithe ar fad déanta don Tionól Forbartha agus go raibh 350 duine cláraithe.

9. An Clár Rioscaí

Míníodh go raibh an clár rioscaí ullmhaithe agus go mbeadh sé le plé ag an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca.

10. An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca

Cuireadh in iúl go raibh cruinniú den Coiste Iniúcháireachta agus Rioscaí beartaithe don 25 Samhain.

11. Aon Ghnó Eile

Cuireadh in iúl go raibh an tAonad um Oideachas Gaeltachta ainmnithe le haghaidh gradaim sármhaitheasa. Ghabh an Cathaoirleach buíochas le gach duine a ghlac páirt sa seisiún plé ag an chruinniú Boird deireanach. Meabhraíodh go mbeadh an chéad chruinniú eile ar siúl Dé Máirt 10 Nollaig.

Síniú: _____ Dáta: 10 Nollaig 2019

Dónal Ó hAiniféin, Cathaoirleach

AN CHOMHAIRLE UM OIDEACHAS GAELTACHTA & GAELSCOLAÍOCHTA

Cruinniú Boird

Dé Máirt 10 Nollaig 2019

11.00r.n. Institiúid Oideachais Marino

I láthair bhí: Dónal Ó hAiniféin (Cathaoirleach), Bláthnaid Ní Ghréacháin, Cathnia Ó Muircheartaigh, Deirbhile Nic Craith, Edel Ní Chorráin, Lorraine Finn, Liam Ó Diomsaigh, Pádraig Mac Grianna, Rita Nic Amhlaoibh agus Séamus Ó Fearraigh.

Leithscéal: Elaine Ní Neachtain agus Dairíona Nic Con Iomaire.

Ag freastal: Muireann Ní Mhóráin (Príomhfheidhmeannach), Aisling Nic Craith (Ardoifigeach Feidhmiúcháin & Rúnaí an Bhoird) agus Steph Uí Choinne (Oifigeach Feidhmiúcháin).

1. Fáiltiú

Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh gach duine chuig an chruinniú.

2. Coimhlint leasa

Níor fhógair aon duine aon choimhlint leasa maidir le clár an chruinnithe.

3. Miontuairiscí

Aontaíodh go leasófaí leathanach 2 de na miontuairiscí le léiriú gur Gaelcholáiste na Mara a bhí i gceist seachas Gaelscoil Bhaile Brigín. Ghlac an Bord leis na miontuairiscí ón 12 Samhain 2019 agus shínigh an Cathaoirleach iad (molta ag S. Ó Fearraigh agus cuidithe ag B. Ní Ghréacháin).

4. Ag eascairt as na miontuairiscí

Chuir L. Ó Diomsaigh in iúl gur bhuaile sé le Theresa McShane ó Ollscoil na Banríona maidir leis an tionscnamh 'If I were Jack'. Mhínigh sé go raibh cás staidéir le reáchtáil i gColáiste Feirste ina leith agus go raibh staidéar inaistritheachta á fhiosrú freisin. Aontaíodh go dtabharfaí cuireadh do T. McShane cur i láthair a dhéanamh ag cruinniú Boird in 2020. Chuir an Cathaoirleach in iúl go bhfuair sé cuireadh bualadh leis an CNCM chun imní an Bhoird faoi 'Children's School Lives' a phlé ach an dáta le deimhniú.

5. Tuairisc an Chathaoirligh

Chuir an Cathaoirleach in iúl go raibh na hagallaimh ann an lá roimhe do phost an Oifigigh Oideachais Bhunscoile agus go raibh tairiscint déanta leis an iarrthóir rathúil. Chuir sé in iúl gur cháiligh an dara duine don phost freisin. Chuir an Cathaoirleach in iúl go raibh cruinniú neamhfhoirmiúil aige féin agus

ag an Phríomhfheidhmeannach le Gavan O’Leary, Rúnaí Cúnta le freagracht don Ghaeilge sa Roinn Oideachais agus Scileanna le déanaí.

Thréaslaigh an Cathaoirleach le foireann Ghaeloideachais agus le foireann COGG as an obair ar fad a rinneadh in eagrú an Tionóil Forbartha i gCorcaigh agus aontaíodh gur ócáid an-dearfach agus fhiúntach a bhí ann. Chuir an Cathaoirleach a dhíomá in iúl maidir le clúdach na meán ar an ócáid, TG4 ach go háirithe, agus chuir sé in iúl go gcuirfeadh sé litir ghearáin chucu ina leith. Cuireadh in iúl go raibh an t-óstán céanna i gCorcaigh curtha in áirithe go sealadach don Tionól Forbartha in 2020.

6. An Scrúdú Cainte – Plé le hAnna Ní Ghallachair, Ollscoil na hÉireann Mhá Nuad

Tháinig A. Ní Ghallachair agus A. Ó Gallchóir i láthair an chruinnithe. Thug A. Ní Ghallachair cur i láthair ar an scrúdú cainte agus bhí plé ina dhiaidh. Ghabh an Cathaoirleach buíochas leo agus d’fhág siad an cruinniú. Aontaíodh píosa taighde a dhéanamh ar an scrúdú cainte agus saineolas a fháil maidir le measúnú teanga agus an t-eolas atá ann cheana féin a bhailiú le chéile. Aontaíodh gur cheart scríobh chuig an CNCM ag léiriú go bhfuil imní ar an Bhord agus ag cur in iúl go bhfuil an píosa taighde le déanamh anois.

7. Uasdátú ón Phríomhfheidhmeannach

Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl go ndearna Máire Mhic Mhathúna cur i láthair ar an treoir don aistriú ón Naíonra go dtí an bhunscoil ag cruinniú de Choiste Comhairleach an pholasaí don Oideachas Gaeltachta le déanaí agus go scaipfí cóip den tuairisc taighde ar an Bhord go luath agus go bpléifí é ag an gcéad chruinniú eile.

Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl gur bronnadh maoiniú ar *Turn to Teaching* (Ollscoil Mhá Nuad) agus go mbeadh sí ag bualadh leis an ghrúpa i mí Feabhra 2020.

Mhínigh an Príomhfheidhmeannach go mbeadh cruinniú CCEA ann Dé hAoine 13 Nollaig faoin togra mata agus go raibh an obair ag dul ar aghaidh.

Rinne an Príomhfheidhmeannach tagairt don Tionscadal FCÁT agus chuir sí in iúl go raibh cruinniú beartaithe don 19 Nollaig chun an amlíne a oibriú amach. Chuir sí in iúl go raibh an obair chóir a bheith ina stad ar an gclár comhtháite do theagasc na Gaeilge i mbunscoileanna Béarla. Léirigh comhaltaí an Bhoird a ndíomá faoi seo agus iarradh ar an Phríomhfheidhmeannach é sin a chur in iúl don Roinn Oideachais agus Scileanna.

Mhínigh sí go raibh an obair ag dul ar aghaidh ar na trialscrúduithe agus go mbeadh na páipéir shamplacha ar fáil go luath. Cuireadh in iúl go raibh an leagan nua de Théacs agus Trialacha 1 ar fáil anois agus go raibh sé ar fáil go leictreonach ar shuíomh Idirlín COGG freisin. Cuireadh in iúl go raibh comhaontuithe déanta le haghaidh leabhar Folláine, Corp Oideachais agus Francise. Míodh go mbeadh Gabriel Nig Uidhir ag cur oiliúna ar oiliúnóirí i mí Eanáir maidir leis an Áis Mheasúnaithe sa Luathlitearthacht.

D’fhág E. Ní Chorráin agus D. Nic Craith an cruinniú ag an phointe seo le freastal ar chruinniú eile.

8. An Tuairisc Airgeadais

Pléadh an tuairisc airgeadais agus cuireadh in iúl go mbeadh an t-airgead ar fad caite faoi dheireadh na bliana. Míníodh go mbeadh D. Ó Maolchoille ag tabhairt faoi chuntais 2019 agus go raibh gach rud in ord agus in eagar dó. Ghabh an Cathaoirleach buíochas le A. Nic Craith agus le Steph Uí Choinne as an obair airgeadais ar fad.

9. An Clár Riosca

Phléigh an Bord an clár rioscaí.

10. An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca

Cuireadh in iúl go raibh cruinniú den Coiste Iniúcháireachta agus Riosca ann ar 25 Samhain. Phléigh an Bord na dréacht téarmaí tagartha agus míníodh go raibh leasú amháin déanta orthu. Ghlac an Bord leis na dréacht téarmaí tagartha (molta ag S. Ó Fearraigh agus cuidithe ag C. Ó Muircheartaigh). Ghabh an Cathaoirleach buíochas le baill an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca as an obair ar fad.

11. Meamram ón Choiste Iniúcháireachta agus Riosca

Phléigh an Bord an meamram ón Choiste Iniúcháireachta agus Riosca.

12. Dátaí cruinnithe 2020

Pléadh dátaí cruinnithe do 2020 agus d'aontaigh an Bord ar na dátaí seo a leanas:

- Dé Céadaoin 22 Eanáir
- Déardaoin 27 Feabhra
- Dé Máirt 28 Aibreán
- Dé Máirt 19 Bealtaine agus
- Dé Máirt 16 Meitheamh

11. Aon Ghnó Eile

Cuireadh in iúl cé gur bhain sé amach an gearrliosta, nár bhuaigh an tAonad um Oideachas Gaeltachta gradam sármhaitheasa don tseirbhís phoiblí.

Iarradh ar an Bhord moltaí a chur ar fáil i dtaca leis na réimsí taighde agus réimse na n-áiseanna teagaisc do scéimeanna maoinithe COGG.

Síniú: _____ Dáta: 22 Eanáir 2020

Dónal Ó hAiniféin, Cathaoirleach